# Uimhreacha a Shórtáil

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Láimhseáil Sonraí – sórtáil, rangú, comparaid a dhéanamh<br>*Uimhreas - rialacha agus airíonna*<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• eolas atá de dhíth le haghaidh taisc a shainaithint agus a aimsiú, ag moladh foinsí cuí le teacht ar an eolas<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• eolas agus torthaí a chur i láthair go soiléir<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• torthaí a sheiceáil agus a mheas le feiceáil an luíonn siad le réasún |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | crann cinnteoireachta, critéir, corr/réidh/iolraí, uimhir phríomha, uimhir chearnach, uimhir thriantánach, uimhreacha ciúbaithe, níos mó ná, níos lú ná, aondigit, dédhigit |
| **Áiseanna** | sampla de chrann cinnteoireachta, Uirlis Sórtála Mol Mata |

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Úsáideann daltaí crann cinnteoireachta le suas go deich n-uimhir a shórtáil ag úsáid teanga chorruimhreacha / ré-uimhreacha agus iolraithe. Siúlfaidh an múinteoir tríd an chrann cinnteoireachta leathchríochnaithe, ag léiriú na n-uimhreacha 11 go 20. Baineann an chéad chritéar sórtála léirithe ar an tsampla leis an cheist, an corruimhir nó ré-uimhir í? Baineann an dara critéar sórtála leis an cheist, an iolraí ar 4 nó 5 í an uimhir? A luaithe is a bheidh an tsórtáil uimhreacha déanta ag na daltaí ceistigh iad maidir leis na huimhreacha i ngach bosca. Mar shampla, is uimhreacha príomha iad na corruimhreacha nach iolraithe ar 5 iad.

### 2 Gníomhaíocht 2

Iarr ar dhaltaí an uirlis shórtála ar líne a úsáid lena gcuid crann cinnteoireachta féin a chruthú. Thig leo a gcuid uimhreacha agus critéar a roghnú. Na féidearthachtaí ná: uimhreacha príomha, cearnacha, ciúbaithe agus triantánacha, uimhreacha dédhigiteacha, uimhreacha níos mó nó níos lú ná iomlán ar leith, uimhreacha le nó gan a náid mar ionadchoinneálaí, fachtóirí, iolraithe, uimhreacha diúltacha, codáin, uimhreacha measctha srl.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • An bhfuil an uimhir corr?<br>• Cén bosca inar cheart dúinn uimhir 14 a chur? | • Cad é a thugann tú faoi deara faoi na huimhreacha nach iolraithe ar 5 iad?<br>• Cad é mar a thig leat na huimhreacha a shórtáil tú a scaradh isteach sa bhosca chéanna? Cad é a insíonn sé seo duit faoi do chritéir shórtála roghnaithe?<br>• Cad é mar a thig leat cineálacha léaráidí eile a úsáid le d’uimhreacha a shórtáil? |

## Difreáil

Is féidir na huimhreacha atá le sórtáil a shocrú le fóirithint d’aois agus d’ábaltacht an dalta chomh maith leis na critéir shórtála. Mar shampla, is féidir critéar sórtála de thairseach íseal a úsáid, cosúil le ‘uimhreacha níos mó ná 10’. I suíomh níos dúshlánaí, thiocfadh leis na daltaí uimhreacha a shórtáil de réir fachtóirí taobh istigh de 100. Thig leis na daltaí na critéir a shíneadh de réir a gcuid tuisceana.

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

.

## Crann Cinnteoireachta

